Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ó Chuspóir go Cleachtas i mo Sheomra Ranga Ceoil

Eispéireas Foghlama Gairmiúla

2025-2026

# CLÁR AN ÁBHAIR


## Cuspóir

Curaclam in Éirinn .......... 2

## Cleachtas

Eolas Oideolaíochta Ábhair (EOÁ) .......... 3

Eolas Teicneolaíochta, Oideolaíochta agus Ábhair (ETOÁ) .......... 3

Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí .......... 3

Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí agus Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí .......... 4

Litearthachtaí agus Uimhearthacht .......... 5

## Cuspóir i mo Sheomra Ranga Ceoil

*Fíoruisce* …John Spillane .......... 6

*Sláinte* …IMLÉ .......... 6

*The Dark Knight* …Hans Zimmer .......... 6

*Old Town* …Phil Lynott .......... 7

*Vltava* …Bedrich Smetana .......... 7

*Nautilus* …Anna Meredith .......... 7

## Éispéiris Foghlama i gCleachtas

Ceol Gaelach .......... 8

Cumadóireacht i Mionghléas .......... 14

Ceol Pobail .......... 15

Ceol Náisiúnach .......... 16

Ceol Turgnamhach .......... 23

## Machnamh .......... 28

IS sa Seomra Ranga Ceoil – Féach na Sleamhnáin PPT ghaolmhara

# CUSPÓIR AN CHURACLAIM

Smaoinigh ar na ráitis seo a leanas a tógadh ó churaclaim éagsúla dara leibhéal...

## Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

- Oideachas iomlánaíoch a chur ar an duine
- Cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige
- Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla á roghnú aige
- Chun feabhas a chur ar tuiscint scoláirí ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht
- Bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais

…Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch. 3

## An tSraith Shóisearach

- Cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire
- Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol
- Buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar
- Tógtar ar a bhfuil foghlamtha ag an scoláire cheana agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil

…Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí, 2018, lch. 3

## An Ardteistiméireacht Bhunaithe

- forbairt ar gach gné den duine aonair, lena n-áirítear forbairt aeistéitiúil, chruthaitheach, chriticiúil, chultúrtha, mhothúchánach, thromchiallach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta, ar mhaithe le saol pearsanta agus baile, saol na hoibre, an saol sa phobal agus an saol fóillíochta
- Leanúnachas agus dul chun cinn a sholáthar tar éis don dalta clár an Teastais Shóisearaigh a chur chun críche, i slí a thugann cothrom na Féinne d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta ullmhúchán don bhreisoideachas agus do shaol an duine aosta agus an saol oibre

…Ceol na hArdteistiméireachta, 1996, lch. 2

## An Idirbhliain

- Forbairt agus foghlaim an scoláire agus é ag aistriú ón tsraith shóisearach isteach sa tsraith shinsearach, de réir mar a bhíonn sé ag ullmhú dá shaol sa todhchaí mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda

… Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch. 7

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

- Prepares students for transition from the world of school to that of adult and working life.
- Sets out to recognise the talents of all students and to provide opportunities for developing personal responsibility, self-esteem and self-knowledge, and helps students apply what they learn to the real world.

….curriculumonline.ie/senior-cycle/lca/

**Gníomhaíocht:** Cad iad na teachtaireachtaí comónta is féidir leat a aimsiú ina snáitheanna sna curaclaim seo?

# CLEACHTAS SAN OIDEACHAS

## Eolas Oideolaíochta Ábhair (EOÁ)

The importance of teachers having an integrated understanding of the content knowledge (CK) they are teaching and the most effective ways to teach that knowledge (PK) to their students.

...Shulman (1986), *Those Who Understand; Knowledge Growth in Teaching Educational Researcher*, lgh. 4-14

## Eolas Teicneolaíochta, Oideolaíochta agus Ábhair (ETOÁ)

### Eolas oideolaíochta (EO)


Eolas faoi chur i bhfeidhm éifeachtach de raon straitéisí agus cuir chuige teagaisc sa chleachtas

### Eolas Ábhair (EÁ)

Eolas agus tuiscint ar an gcuraclam

### Eolas Teicneolaíochta (ET)

An t-eolas agus an cumas le húsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú




...An Roinn Oideachais (2022), *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027*, lch. 27





## Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí

Beidh lánbhrí ag baint leo sna heispéiris fhoghlama a bhíonn ag scoláirí. Tá siad lárnach don fhoghlaim i ngach gné den tsraith shóisearach agus ina dhiaidh sin. Beidh na PS leabaithe sna torthaí foghlama ag gach ábhar sa tsraith shóisearach. Beidh múinteoirí soiléir maidir leis an gcaoi ina suíonn siad isteach in ábhar agus leis an tslí inar chóir na scileanna a chur isteach i bpleanáil ranga.

# CLEACHTAS SAN OIDEACHAS ar leanúint


**Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí:** An Ardteistiméireacht Bhunaithe, An Ardteistiméireacht Fheidhmeach




… Is cuid thábhachtach iad na príomhscileanna seo in iarracht an uile fhoghlaimeora a lánacmhainneacht a chomhlíonadh, le linn a laethanta scoile agus ina ndiaidh. Cuireann siad ar chumas foghlaimeoirí a bheith lánpháirteach sa tsochaí, i saol an teaghlaigh agus an phobail agus i saol na hoibre.

**Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí:** An Idirbhliain

Nasc le Ceol Oide EFG 2025-2026




Cuirtear beocht iontu trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo.

Tá cur síos tosaigh ar gach inniúlacht, agus na torthaí foghlama uileghabhálacha agus na tréithe gaolmhara ina dhiaidh sin.

Cabhraíonn na tréithe le gach inniúlacht a dhéanamh níos soiléire trí leagan amach conas a fhorbróidh an scoláire an inniúlacht agus a chuirfidh sé an inniúlacht sin i bhfeidhm.

Ní dócha go bhforbróidh aon duine amháin na tréithe de na príomhinniúlachtaí seo go léir mar a chéile.

# LITEARTHACHTAÍ agus UIMHEARTHACHT

An Litearthacht

*...Is é is litearthacht ann, an acmhainn le cineálacha éagsúla cumarsáide a úsáid, a léamh, a thuiscint, machnamh a dhéanamh orthu, meastóireacht a dhéanamh orthu, dul ina mbun, iad a chruthú agus tuiscint chriticiúil a fháil orthu lena náirítear breathnú sna súile, gothaí, clabaireacht, teanga ó bhéal, téacs clóite, amharcthéacsanna, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha chun spriocanna duine a bhaint amach, eolas agus acmhainneacht duine a fhorbairt, agus le bheith rannpháirteach sa tsochaí.*

An Uimhearthacht

*...Is é is uimhearthacht ann, a bheith in ann breathnóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar réada agus iad a láimhseáil, agus teanga mhatamaiticiúil a chloisteáil, Is é atá i gceist léi ná úsáid a bhaint as tuiscint mhatamaiticiúil agus scileanna matamaitice i gcomhthéacsanna éagsúla chun cur síos a dhéanamh ar fheiniméin, iad a thuar agus iad a mhíniú, ag tabhairt aitheantais don ról atá ag an matamaitic sa saol. Úsáideann foghlaimeoir uimheartha scileanna matamaitice agus déanann sé/sí breithiúnais agus cinntí maithe atá ag teastáil ó bhaill chuiditheacha, ghníomhacha agus mhachnamhacha den tsochaí.*

An Litearthacht Dhigiteach

*...Is é atá i gceist leis an litearthacht dhigiteach a bheith in ann rochtain agus iniúchadh a dhéanamh ar fhaisnéis go sábháilte agus go hiomchuí, í a bhainistiú, tuiscint a fháil uirthi, í a chomhtháthú, cumarsáid agus meastóireacht a dhéanamh uirthi, í a chruthú agus a scaipeadh trí theicneolaíochtaí digiteacha. San áireamh inti tá an smaointeoireacht chriticiúil, úsáid a bhaint as TFC go sábháilte, go freagrach agus go heiticiúil, an comhoibriú agus an chruthaitheacht, fíorfhaisnéis a aimsiú, agus cumarsáid mheasúil ar líne.*

...Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033, lgh. 24 - 35

**Gníomhaíocht:** Sainaithin na cineálacha éagsúla **litearthacht cheoil** a chuireann tú faoi bhráid do chuid scoláirí.

**Gníomhaíocht:** Cad iad na deiseanna **uimhearthachta** a thagann aníos le linn duit an Ceol a theagasc?

**Gníomhaíocht:** Cá bhfaighidh tú deiseanna chun **litearthacht dhigiteach** a dhaingniú agus Ceol á mhúineadh agat?

# CUSPÓIR i MO SHEOMRA RANGA CEOIL

*Agus tú ag plé le blúiríní soláimhsithe d’eispéiris foghlama an lae inniu, breithnigh cé acu de do chuid scoláirí a mbeadh an fhoghlaim seo oiriúnach dóibh, agus déan naisc fhiúntacha leis na curaclaim ábhartha a chur in iúl cén fáth a bhfuil tú ag gabháil don fhoghlaim seo.*

**Ceol Gaelach**



***Aon Láthair***
**John Spillane**

| Cé a thabharfadh faoin bhfoghlaim seo? | Cén fáth a n-oireann an fhoghlaim seo do na scoláirí seo? | Cén ghné den churaclam a nascann an fhoghlaim seo léi? |
|---|---|---|
| | | |

**Ceol Gaelach**



***Sláinte***
**IMLÉ**

| |
|---|
| **Cé a thabharfadh faoin bhfoghlaim seo?** |
| **Cén fhoghlaim a aithníodh sa siollabas / tsonraíocht a nascann an fhoghlaim seo léi?** |
| **Cén chaoi a ndéantar Príomhscil na Sraithe Sóisearaí agus Príomhinniúlacht na Sraithe Sinsearaí Cumarsáid agus/nó A Bheith Cruthaitheach a ghníomhachtú san fhoghlaim seo?**<br><br>**Cén Phríomhscil na Sraithe Sóisearaí agus/nó Phríomhinniúlacht na Sraithe Sinsearaí eile a nascfadh leis an bhfoghlaim seo?** |

**Cumadóireacht i Mionghléas**



***The Dark Knight***
**Hans Zimmer**

| |
|---|
| **Cén chaoi a dtiocfadh leis an eispéireas foghlama seo cabhrú le do chuid scoláirí Ceoil sa 5ú Bliain?** |
| **Cén chaoi a gcabhródh an t-eispéireas foghlama seo le scoláirí na sraithe sóisearaí déantáin cheoil a chruthú dá bPunann Chumadóireachta?** |



Oide

# CUSPÓIR i MO SHEOMRA RANGA CEOIL

**Ceol Pobail**



***Old Town***
**Phil Lynott**

| |
|---|
| **Cén chaoi a gcuirtear foghlaim na rithime chun cinn i ndearadh na n-eispéireas foghlama seo?** |
| **Cén rang-ghrúpa a gcuirfeá an fhoghlaim seo os a gcomhair?** |
| **Cén ghné den churaclam a nascann an fhoghlaim seo léi?** |
| **Cén chaoi a mbeadh an t-eispéireas foghlama seo ceangailte le foghlaim na scoláirí a bhíonn ag gabháil do Leibhéal 1 / Leibhéal 2?** |

**Ceol Náisiúnach**




***Vltava***
**Bedrich Smetana**

| **Cé a thabharfadh faoin bhfoghlaim seo?** | **Cén curaclam a nascfadh an fhoghlaim seo leis?** |
|---|---|
| | |

**Ceol Turgnamhach**



***Nautilus***
**Anna Meredith**

| |
|---|
| **Cad é faoi a bhfuil an fhoghlaim?** |
| **Cé a thabharfadh faoin bhfoghlaim seo?** |
| **Cad iad na deiseanna atá ann chun scoláirí a chur ag obair ar an uimhearthacht sa phíosa seo?** |
| **Cén chaoi a gcabhródh an fhoghlaim seo le forbairt cheoltóirí na hIdirbhliana?** |

# CEOL GAELACH

## *Fíoruisce* le ©John Spillane






Léaráid le Megan Clancy Creative

### *Aon Láthair ó Fíoruisce*


Tosaíonn **Aon Láthair** leis an Rí miotasach Corc ag fiafraí dá ghéillseánaigh an féidir leo aon lochtanna atá aige mar rí a insint dó.
Freagraítear sa churfá, ar ndóigh, nach bhfuil aon lochtanna aige agus gurb é an rí is fearr ar dhroim an domhain é. Éist le Aon Láthair




**Dórdán**



**Cúlbhuille**




**Gníomhaíocht:** Déan na gníomhaíochtaí seo a leanas...

- Cén chaoi a léirítear carachtar miotasach an rí Corc sa cheol?
- Déan páirt amháin nó níos mó a thaibhiú i gcuideachta an taifeadta

℗ agus © John Spillane. Gach ceart ar cosaint.
Tá cosc ar chóipeáil, fruiliú, iasacht, taibhiú poiblí agus craoladh neamhúdaraithe.

## Gníomhaíochtaí Foghlama Féideartha *Fíoruisce* le ©John Spillane

### Naisc Úsáideacha

Fíorusice -Ceoldráma Tíre Gaelach le John Spillane
Seoladh Fíoruisce
Réamhcheol ó Fíoruisce
Léirmheas ar Fíorusice ó The Journal of Music
Irish Memory Orchestra - Bill Mag Fhloinn Adharca Ceilteachta



Éist leis an gcéad 45 soicind d'*Aon Láthair* agus breithnigh na moltaí seo a leanas...

- Tarraing cuar chun cruth na séise a léiriú. Cum malairt leagain den tséis ag úsáid an scála pheinteatonaigh B mion a leanann an cruth céanna.
- Is é an Rí Corc a chanann an chéad líne agus is é an Cór (An Chosmhuintir) a chanann an dara líne freagartha. I ngrúpa, cinnigí cé hé an rí agus cé atá sa chór, agus can nó seinm an chéad dá line.
- Cruthaigh dordán i ngrúpa trí nótaí fada B agus F # a chanadh/a sheinm arís is arís. Is féidir le leath an ghrúpa B a chanadh/a sheinm agus is féidir leis an leath eile F # a chanadh/a sheinm. Seinn an dordán in éineacht leis an taifeadadh bunaidh nó fad is a dhéanann taibheoir eile tobchumadh ar scála peinteatonach B mion.
- Léirítear roinnt de na dordáin sa cheoldráma tíre seo ar an *adharc* nó ar an trumpa Éireannach ón gcré-umhaois. Déan taighde ar an uirlis sin ar líne. Cén fhuaim atá inti? Cén chuma atá uirthi? Cén uair a seinneadh na huirlisí seo den chéad uair.
- Úsáideann an chuid seo d'*Aon Láthair* nótaí an scála pheinteatonaigh B mion den chuid is mó. Ciorclaigh na nótaí nach mbaineann leis an scála sin.
- Úsáideann an t-amhrán seo roinnt ornáidí sa tséis. Éist leis an taifeadadh agus cuir do lámh in airde nuair a chloiseann tú sampla den ornáidíocht.
- Déan cur síos ar roinnt de na fuaimeanna/rudaí aimsithe a chloiseann tú sa taifeadadh seo. Cén tionchar a bhíonn acu ar an gceol?
- Deirtear gur ceoldráma macarónach é an ceoldráma tíre *Fíoruisce*. Déan taighde ar cad is brí leis an bhfocal sin. Éist leis an gcuid eile den amhrán seo nó le hamhráin eile ón albam agus faigh samplaí de na háiteanna a bhfuil sé macarónach.
- Tá scéal an cheoldráma tíre seo bunaithe ar fhinscéal áitiúil i mbaile dúchais an chumadóra. Déan taighde ar mhiotais nó ar fhinscéalta áitiúla ó do cheantar. Roghnaigh carachtar nó scéal agus smaoinigh ar bhealaí ina bhféadfaí gné éigin den charachtar nó den scéal a chur in iúl go ceolmhar. Cum amhrán nó píosa bunaithe ar an scéal nó ar an gcarachtar.

## STRAITÉIS OIDEOLAÍOCH FHÉIDEARTHA
## AMHRÁN GAEILGE A MHÚINEADH

***Sláinte* le IMLÉ**




Sláinte



go gcaithfimid éalú



saol fhada



Tá muid saor



fadhbanna



lá breá nua



Ar an mbus seo lofa



Tóg go réidh é

Sláinte, saol fhada a mhac,
Tóg go réidh é man in sa domhain is ná bac
say sláinte, saol fhada a mhac,
Tá muid saor anseo yea amach agus amach

I got, fadhbanna ceann eile sa slua
Éirím gach maidin go dtí lá breá nua
Agus éistim, leis an craic sa nuacht
An pure riff raff chéanna is na scéalta crua

Agus feicim, gach duine ag dul
Ar an mbus seo lofa go dtí obair is scoil
Is tá fhios man, go gcaithfimid éalú
Cause there's more to your life than the people that pay you

**Gníomhaíocht:** Agus tú ag éisteacht leis an amhrán, cad é a insíonn sé dúinn faoi shaol an lae inniu

# RÍM IN AMHRÁN

***Sláinte* le IMLÉ**

Is ionann RÍM IN AMHRÁN agus fuaimeanna den chineál céanna a athchruthú. I rap, liricí amhrán agus filíocht, is féidir rím a úsáid chun béim a leagan ar fhocail áirithe, brí a fheabhsú agus éifeacht cheoil a chruthú.

Tarlaíonn **RÍM DEIREADH LÍNE** nuair a dhéanann focail ag deireadh líne rím

Sampla
The dog walked down the street
He was dancing to the beat

Tarlaíonn **RÍM INMHEÁNACH** laistigh de líne

Sampla
The flowers sway in bright array,
As birds take flight in pure delight

Sláinte, saol fhada a mhac,
Tóg go réidh é man in sa domhain is ná bac
say sláinte, saol fhada a mhac,
Tá muid saor anseo yea amach agus amach

I got, fadhbanna ceann eile sa slua
Éirím gach maidin go dtí lá breá nua
Agus éistim, leis an craic sa nuacht
An pure riff raff chéanna is na scéalta crua

Agus feicim, gach duine ag dul
Ar an mbus seo lofa go dtí obair is scoil
Is tá fhios man, go gcaithfimid éalú
Cause there's more to your life than the people that pay you


**Gníomhaíocht:** Agus tú ag éisteacht le *Sláinte*, déan na patrúin ríme a anailísiú trí na focail ríme sna liricí a aibhsiú. An úsáidtear rím deireadh líne san amhrán nó rím inmheánach? Tabhair cúis le do fhreagra. Cuir véarsa leis, i do theanga roghnaithe, ag úsáid rím deireadh line.

## BUILLE agus MÉADAR

***Sláinte* le IMLÉ**

**Gníomhaíocht:** Déan na gníomhaíochtaí seo a leanas...

- Agus tú ag éisteacht le *Sláinte*, buail bos/tapáil leis chun an buille a mhothú 
- Comhair leis chun an méadar a aithint agus tabhair faoi deara nuair a thiteann an buille anuas
- Marcáil na liricí san áit a dtiteann an buille anuas
- Seinn agus mothaigh an méadar ag úsáid an chnagcheoil cholainne thíos



## MOTHÚ

***Sláinte* le IMLÉ**

| Fuinniúil<br>Energetic | Dóchasach<br>Hopeful | Suaimhneach<br>Relaxed | Spreagúil<br>Uplifting |
|---|---|---|---|

Eile
Other


**Gníomhaíocht:** Agus tú ag éisteacht le Sláinte le IMLÉ, roghnaigh an focal/na focail is fearr a chuireann síos ar mhothú an amhráin seo. Déan cur síos ar na gnéithe ceoil a chabhraíonn leis an mothú seo a chruthú.

# STRAITÉIS OIDEOLAÍOCH FHÉIDEARTHA CUMADÓIREACHT I MIONGHLÉAS *The Dark Knight* le H. Zimmer

## Léiriú an treoirnóta




## Nótaí chun dul i dtreo an tSeachtaigh Ardaithe




## Litearthacht agus Uimhearthacht an Cheoil




**Gníomhaíocht:** Déan na gníomhaíochtaí seo a leanas...

- Scór a Thógáil
- Faigh an Litearthacht agus an Uimhearthacht anseo






Oide

# CUMADÓIREACHT I MIONGHLÉAS RIFEANNA i gCEOL POBAIL


Another One Bites the Dust ...Queen



Brewing Up a Storm ...The Stunning



Gangsta's Paradise ...Coolio



Seven Nation Army ...The White Stripes



Smoke on the Water ...Deep Purple



Superstition ...Stevie Wonder




The Chain ...Fleetwood Mac





The Final Countdown ...Europe




# STRAITÉIS OIDEOLAÍOCH FHÉIDEARTHA
# RITHIM A FHOGHLAIM













## SCÓIR GHRAFACHA RITHIME



## LÉIRITHE SIOMBALACHA FUAIMEANNA



## NODAIREACHT



## MÉADAR 4



# STRAITÉIS OIDEOLAÍOCH FHÉIDEARTHA
# CEOL NÁISIÚNACH

## *Vltava* le Bedřich Smetana

**Gníomhaíocht:** Agus tú ag éisteacht le Vltava, cuir cártaí na n-íomhánna san ord a chloistear iad. Úsáid peann luaidhe chun an struchtúr ar do ghreille anailíse a chomhlánú. Tabhair cúis le do rogha.



***St John's Rapids***



***Fiach cois abhainn***



***Éiríonn an sruthán ina abhainn***



***Téann an abhainn isteach i gcathair mhaorga Phrág***



***An abhainn ag a foinse***




***Faoi sholas na gealaí, canann nimfeacha abhann go mistéireach dá chéile***



***Sreabhann an abhainn thar bhainis i sráidbhaile***


# AN CHLUAS INMHEÁNACH A FHORBAIRT AGUS LÉIRIÚ SIOMBALACH FUAIME

**Gníomhaíocht:** Agus tú ag éisteacht le *Vltava*, meaitseáil gach cárta téama leis an gcárta íomhá comhfhreagrach.



















Oide

# AN SCÓR A THÓGÁIL TRÍ SCIL NA hANAILÍSE

**Gníomhaíocht:** Tóg do thuiscint ar struchtúr *Vltava* trí chur síos a dhéanamh ar an gceol faoi na ceannteidil seo a leanas thíos.

| AINM NA RANNÓIGE→ | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tonúlacht Gléas | | | | | | | |
| Méadar | | | | | | | |
| Amchomhartha | | | | | | | |
| Príomhuirlis(í) ag seinm na séise | | | | | | | |
| Ainmnigh 2-3 ghné cheoil a chloistear sa mhír | | | | | | | |

# NÁISIÚNACHAS SA CHEOL
# TAIGHDE


*Is minic a ghintear náisiúnachas sa cheol trí théamaí ceoil agus smaointe ó thraidisiúin tíre ar nós amhrán tíre, damhsaí agus rithimí tíre, agus tagairtí cultúrtha eile a úsáid.*

### Gníomhaíocht

Úsáid uirlisí taighde (mar shampla ciclipéid cheoil agus/nó láithreáin ghréasáin iontaofa) chun na cumadóirí a mheaitseáil leis na píosaí ceoil thíos agus leis an tír as a dtagann siad. Roghnaigh píosa ceoil amháin ón liosta seo agus faigh amach conas a chuirtear an náisiúnachas in iúl sa cheol seo.



***Chopin***



***Grieg***




***Dvořák***



***Beach***



***Sibelius***



***Vaughan Williams***



***Copland***



***Ó Riada***

| Píosa | Cumadóir | Tír |
|---|---|---|
| *Appalachian Spring* | | |
| *Fantasia on Greensleeves* | | |
| *Finlandia* | | |
| *Gaelic Symphony* | | |
| Mazurkas | | |
| *Mise Éire* | | |
| *Peer Gynt Suite* | | |
| *Slavonic Dances* | | |

# NÁISIÚNACHAS SA CHEOL
# SCIL NA COMPARÁIDE

**Gníomhaíocht:** Déan taighde ar roinnt faisnéise cúlra ar *Vltava* le Smetana agus ar *Academic Festival Overture* le Brahms. Smaoinigh...

- cén t-am agus cén áit ar cumadh an ceol
- cuspóir nó feidhm an cheoil
- cad as ar tháinig an bheirt chumadóirí
- nó eile...

| ***Vltava*** | ***Academic Festival Overture*** |
|---|---|
| | |

**Gníomhaíocht:** Éist leis na codanna deiridh ón dá phíosa. Ag úsáid scil na comparáide, déan cur síos ar dhá chosúlacht agus ar dhá dhifríocht.

| | **Cuid deiridh de *Vltava* – Smetana** | **Cuid deiridh de *Academic Festival Overture* – Brahms** |
|---|---|---|
| Cosúlacht | | |
| Cosúlacht | | |
| Difríocht | | |
| Difríocht | | |

# CEOL TURGNAMHACH

## LITEARTHACHT agus CRUTHAITHEACHT *Nautilus* le Anna Meredith





**Gníomhaíocht:** Déan na gníomhaíochtaí thíos...

1. Éist le Nautilus le Anna Meredith agus féach ar an bhfíseán beochana a ghabhann leis.
2. **Bain úsáid as teanga chun fuaim a chloisteáil:** I ngrúpaí, roghnaígí cárta amháin, léigí an cur síos ar an gcárta agus bainigí úsáid as bhur n-éisteacht inmheánach chun a shamhlú cén fhuaim a d'fhéadfadh a bheith leis an smaoineamh ceoil.
3. **Litearthacht Cheoil agus Cluas-scileanna:** Éist leis an smaoineamh ceoil ar an gcárta agus déan iniúchadh air tríd an nodaireacht a leanúint. Déan an nasc leis an gcur síos comhfhreagrach atá air.
   ***Nóta:*** *Is tréith de Cheol Dubstep é* ***Dordlíne Creatha****. Is nóta dord leathnaithe é, a láimhseáiltear go rithimeach chun fuaim ascalach a chruthú.*
4. In éineacht le do ghrúpa, cruthaígí agus tarraingí íomhá chun an smaoineamh ceoil a léiriú.
5. Cruthaigh gluaiseacht chun an smaoineamh ceoil seo a chur in iúl.
6. Comhoibrígí leis na grúpaí eile chun léiriú grafach a chruthú ar an bpíosa ceoil seo trí íomhánna gach grúpa a chur le chéile ar ghreille na scór.
7. Agus tú ag éisteacht leis an taifeadadh, bain úsáid as an ngreille scór críochnaithe chun an píosa a sheinm. Seinneann gach grúpa a ngluaiseacht chun na smaointe ceoil a léiriú de réir mar a chloistear iad.

## Naisc Úsáideacha chuig Ceol Anna Meredith

HandsFree at the BBC Proms 2012 – Píosa cnagcheol colainne

Bubble Gun - Píosa ina bhfuil Boomwhackers sampláilte

Bumps Per Minute - Suiteáil cheoil ina spreagtar an ceol ag tuairtcharranna siamsaíochta

Anno: Four Seasons by Anna Meredith & Antonio Vivaldi - Dawn (Spring) - Píosaí bunaidh saothair Anna Meredith fite fuaite le *Four Seasons* le Vivaldi

Paramour - Beo ag an Mercury Prize 2020.

# DO SCÓR A THÓGÁIL

***Nautilus* le Anna Meredith**

**Gníomhaíocht:** Cruthaigh scór grafach do thaibhiú gluaiseachta trí do chuid íomhánna nua-chruthaithe a chur isteach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ostinato Corda Throitheánaigh | Ostinato Corda Throitheánaigh | Ostinato Corda Throitheánaigh | Ostinato Corda Throitheánaigh | | Ostinato Corda Throitheánaigh | Ostinato Corda Throitheánaigh | Ostinato Corda Throitheánaigh | Ostinato Corda Throitheánaigh | Ostinato Corda Throitheánaigh | Ostinato Corda Throitheánaigh |
| | Séis Chrómatach | | | Séis Chrómatach | | | | Séis Chrómatach | Séis Chrómatach | |
| | | | Dordséis | Dordséis | | | | | Dordséis | |
| | | | | | | Dordlíne Shintéiseora Creatha | Dordlíne Shintéiseora Creatha | Dordlíne Shintéiseora Creatha | Dordlíne Shintéiseora Creatha | |
| | | | | | | | Cúlbhuille | Cúlbhuille | Cúlbhuille | |



Oide

# BAIN ÚSÁID AS TEANGA CHUN FUAIM A CHLOISTEÁIL AGUS CUR SÍOS A DHÉANAMH UIRTHI

***Nautilus* le Anna Meredith**

## Séis Chrómatach

Smaoineamh séiseach spreagúil éiritheach ag gluaiseacht i leath-thoin le rithim thiomána.

2 leagan den fhrása chéanna atá ar fhaid éagsúla agus a ghluaiseann tríd an scála crómatach i bpatrúin atá beagán difriúil.

Nuair a shroicheann sé a bhuaicphointe, léimeann sé ar ais síos ochtú agus tosaíonn sé ag dul suas an tséis ar nós staighre, rud a chruthaíonn níos mó agus níos mó scleondair sa cheol.

## Ostinato Corda Throitheánaigh

Tosaíonn an píosa le gleadhradh geal le rithim spreagúil a bhíonn le cloisteáil síos tríd an bpíosa ar fad beagnach.

Corda tonach mórghléas A nuair a chloisimid é den chéad uair, ach níos déanaí sa phíosa cuirtear níos mó nótaí leis.

Ar dtús is cosúil go dtosaíonn sé le buille suas camáin, ach ar fud an phíosa is féidir é a chloisteáil ar bhealaí éagsúla mar go bhfuil sé curtha i sraitheanna agus comhcheangailte le smaointe ceoil eile.

## Dordséis

Séis ard agus chumhachtach sa raon dord íseal a chruthaíonn mothú dorcha, duairc.

Úsáideann an tséis seo nótaí fada leanúnacha.

Léimeann an tséis idir nótaí de scála crómatach A, rud a thugann tonúlacht mhór le fios uaireanta agus uaireanta miontonúlacht.

## Dordlíne Shintéiseora Creatha

Cúis iontais í an fhuaim seo nuair a thagann sí isteach ar an dordsintéiseoir den chéad uair.

Tugtar dord creatha ar an gcineál seo fuaime uaireanta agus is minic a chloistear í i gceol damhsa leictreonach amhail druma agus dord, dubstep, agus ceol dufaire. Tá an dordlíne shintéiseora leictreonach seo i gcodarsnacht le timbres stíl phráis na bpáirteanna eile.

Tá an smaoineamh séiseach seo in amchomhartha difriúil (4/4) a thugann athrú ar an gcuisle a théann i bhfeidhm ar an méadar iomlán agus a úsáideann rithimí éagsúla síos tríd.

## Cúlbhuille


Cúlbhuille eipiciúil in am 4/4 a leagann béim ar an mbuille nua sa chuid deiridh.

Coinníonn an patrún roc coitianta seo buille seasta le linn do na páirteanna eile d’fhaid, luasanna agus rithimí éagsúla a bheith ag guairneáil timpeall air.

# LITEARTHACHT CHEOIL AGUS SCILEANNA ÉISTEACHTA

*Nautilus* le Anna Meredith


## Séis Chrómatach





## Dordséis




## Corda Ostinato Troitheánach




## Cúlbhuille




## Dordlíne Shintéiseora Creatha






Oide

# NÓTAÍ

# MACHNAMH

**Gníomhaíocht:** Agus muid ag dul ar aghaidh trínár gcuid plé inniu, smaoinigh ar na chéad chéimeanna eile a ghlacfá agus tú ag filleadh ar scoil.

## Nótaí

Cuir gach ceist chuig eolas@oide.ie

Don t-eolas ar fad téigh chuig ár suíomh idirlíne oide.ie

Lean orainn ar @Oide_Music

Fan cothrom le dáta agus cláraigh dár liosta seachadta



Oide